C/2024/7091

22.11.2024

Teachtaireacht ó Rialtas Phoblacht na Polainne maidir le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid le haghaidh sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón

(C/2024/7091)

Fógra faoi iarratas ar lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht fosuithe ola agus gáis nádúrtha agus eastóscadh ola agus gáis nádúrtha i limistéar 'Grabówka'

ROINN I: BUNÚS DLÍ

1. Airteagal 49ec(2) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireacht an 9 Meitheamh 2011 (Iris na nDlíthe [Dziennik Ustaw] 2023, mír 633, arna leasú)

2. Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid le haghaidh sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón (IO L 164, 30.6.1994, lch. 3; Eagrán speisialta sa Pholainnis: Caibidil 6, Imleabhar 2, lch. 262)

ROINN II: EINTITEAS AG LORG TAIRISCINTÍ

Ainm: Ministerstwo Klimatu i Środowiska [An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil]

Seoladh poist: ul. Wawelska 52/54, 00-922 Warszawa

Teil. +48 22 369 24 49; Facs: +48 22 369 11 00

Suíomh gréasáin: www.gov.pl/web/klimat

ROINN III: ÁBHAR AN NÓS IMEACHTA

1) **Faisnéis maidir le hiarratais ar lamháltas a chur isteach:**

Iarratas ar lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht fosuithe ola agus gáis nádúrtha agus eastóscadh ola agus gáis nádúrtha i limistéar '**Grabówka**', cuireadh faoi bhráid an údaráis lamháltais é.

2) **An cineál gníomhaíochta a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith:**

Lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht ola agus fosuithe gáis nádúrtha agus eastóscadh ola agus gáis nádúrtha i limistéar '**Grabówka**', cuid de bhloc lamháltais Uimh. 287.

3) **An limistéar ina mbeidh na gníomhaíochtaí le déanamh:**

Sainítear teorainneacha an limistéir le línte lena gceanglaítear pointí ag a bhfuil na comhordanáidí seo a leanas i gcóras comhordanáidí PL-1992:

Uimh.	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
1	405364	369191
2	405134	378442
3	399576	378309
4	399806	369048

Is é 51,5 km² achar dromchla theilgean ceartingearach an limistéir.

An suíomh riaracháin:

Cúige Dolnośląskie

Ceantar Milicz, Bardas Tuaithe Milicz

Ceantar Trzebnica, Bardas Tuaithe Trzebnica

4) **An sprioc-am chun iarratas ar lamháltas a chur isteach ó eintitis eile ar spéis leo an ghníomhaíocht dá bhfuil an lamháltas le deonú, is éard a bheidh ann sprioc-am nach lú ná 90 lá ó dháta foilsithe an fhógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*:**

Ní mór iarratais ar lamháltas a chur faoi bhráid na hAireachta Comhshaoil tráth nach déanaí ná 12:00 uair an mheán lae (CET/CEST) ar an lá deiridh den tréimhse 90 lá dar tús an lá tar éis dháta foilsithe an fhógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5) **Critéir mheasúnaithe agus ualuithe le haghaidh iarratas ar lamháltas, arna leagan síos le haird chuí ar Airteagal 49k(1), (1a) agus (3) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireacht:**

Déanfar measúnú ar na hiarratais a gheofar ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

30 % - raon feidhme agus sceideal na n-oibreacha geolaíocha atá beartaithe, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíocha, nó oibríochtaí mianadóireachta;

20 % - - acmhainní airgeadais lena dtairgtear ráthaíocht leormhaith go ndéanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht fosuithe hidreacarbóin agus le heastóscadh hidreacarbón faoi seach, agus go háirithe na foinsí agus na modhanna chun na gníomhaíochtaí atá beartaithe a mhaoiniú, lena n-áirítear an sciar de chistí dílse agus de mhaoiniú seachtrach;

20 % - - an teicneolaíocht atá beartaithe chun oibreacha geolaíocha a dhéanamh, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíocha, nó oibríochtaí mianadóireachta;

15 % - - acmhainní teicniúla maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht fosuithe hidreacarbóin agus eastóscadh hidreacarbón, agus go háirithe infhaighteacht poitéinsil acmhainní iomchuí teicniúla, eagraíochtúla, lóistíochta agus daonna;

10 % - - raon feidhme agus sceideal an bhailiúcháin shainordaithigh samplaí a fhaightear le linn oibríochtaí geolaíocha, lena n-áirítear croíleacáin druilirí;

5 % - - taithí ar shirtheoireacht agus taiscéalaíocht fosuithe hidreacarbóin nó ar eastóscadh hidreacarbón, lena n-áirithítear oibriú sábháilte, cosaint beatha agus sláinte daoine agus ainmhithe, agus cosaint an chomhshaoil.

Más rud é, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar iarratais ar bhonn na gcritéar a shonraítear thuas, go bhfaigheann dhá thairiscint nó níos mó an scór céanna, úsáidfear méid na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú a bheidh dlite le linn na céime sirtheoireachta agus taiscéalaíochta mar chritéar breise lena bhféadfar rogha deiridh a dhéanamh idir na tairiscintí lena mbaineann.

ROINN IV: FAISNÉIS BHREISE

IV.1) **Ba cheart iarratais a chur chuig an seoladh seo a leanas:**

Ministerstwo Klimatu i Środowiska
Departament Geologii
ul. Wawelska 52/54
00-922 Warszawa
AN PHOLAINN

IV.2) **Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar na bealaí seo a leanas:**

— suíomh gréasáin na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil: //www.gov.pl/web/klimat

— Departament Geologii

Ministerstwo Klimatu i Środowiska
ul. Wawelska 52/54
00-922 Warszawa
AN PHOLAINN

Teil. +48 22 36 92 449, facs +48 22 326 11 00

R-phost: departament.geologii@klimat.gov.pl

IV.3) **Cinneadh maidir le cáilíocht:**

Eintitis ar eisíodh cinneadh ina leith lena ndeimhnítear toradh dearfach nós imeachta um cháilíocht, féadfaidh siad iarratais ar lamháltas a chur isteach, mar a fhoráiltear in Airteagal 49a(17) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireacht.

IV.4) **An íostáille maidir le cearta úsáide mianadóireachta a bhunú:**

Is é **PLN 30 000,00** (tríocha míle zloty) **in aghaidh na bliana** an íostáille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú do limistéar 'Grabówka' le linn bhuntréimhse 5 bliana na céime sirtheoireachta agus taiscéalaíochta. Déanfar an táille bhliantúil chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú sa chéim shirtheoireachta agus taiscéalaíochta a innéacsú leis an meáninnéacs bliantúil praghsanna do thomhaltóirí arna leagan síos go carnach le haghaidh na tréimhse ó thabhairt i gcrích an chomhaontaithe go dtí an bhliain roimh dháta íocaíochta na táille, mar atá fógartha ag Uachtarán Oifig Staidrimh na Polainne in Iris Oifigiúil na Polainne (Monitor Polski).

IV.5) **Deonú an lamháltais agus ceart úsáide mianadóireachta a bhunú:**

I ndiaidh don údarás lamháltais tuairimí nó comhaontuithe a cheanglaítear leis an nGníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireacht a fháil, deonóidh sé lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht fosuithe hidreacarbóin agus eastóscadh hidreacarbón:

1) don eintiteas ar bronnadh an scór is airde ar a iarratas ar lamháltas, nó
2) i gcás ina mbronntar an scór is airde ar iarratas ar lamháltas arna chur isteach ag roinnt eintiteas i gcomhpháirt, do na páirtithe a ghabhann leis an gcomhaontú comhair – a luaithe agus a bheidh an comhaontú sin curtha faoi bhráid an údaráis lamháltais.

- An tráth céanna diúltóidh sé lamháltais a dheonú do na heintitis eile (Airteagal 49ee(1) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireacht).

Tabharfaidh an t-údarás lamháltais conradh um cheart úsáide mianadóireachta i gcrích leis an eintiteas ar bronnadh an scór is airde ar a iarratas ar lamháltas; i gcás ina mbronntar an scór is airde ar iarratas ar lamháltas arna chur isteach ag roinnt eintiteas i gcomhpháirt, tabharfaidh sé conradh den sórt sin i gcrích leis na heintitis uile a chuir an t-iarratas comhpháirteach isteach (Airteagal 49ee(2) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireacht). Chun go mbeidh oibreoir in ann gníomhaíochtaí a dhéanamh lena mbaineann sirtheoireacht agus taiscéalaíocht fosuithe hidreacarbóin agus eastóscadh hidreacarbón sa Pholainn, ní mór dó cearta úsáide mianadóireachta agus lamháltas araon a bheith aige.

IV.6) **Na ceanglais a bheidh le comhlíonadh in iarratais ar lamháltas agus i ndoiciméid a iarrfar ó iarratasóirí:**

Sonraítear in Airteagal 49eb den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireacht na comhpháirteanna den iarratas ar lamháltas.

Aois na bhfoirmíochtaí geolaíocha (aidhm gheolaíoch) mar a ndéanfar oibreacha geolaíocha, ba cheart í a léiriú mar aidhm na n-oibreacha, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíocha.

IV.7) **An chatagóir íosta thaiscéalaíochta fosuithe:**

Is é Catagóir B an chatagóir íosta thaiscéalaíochta le haghaidh fosuithe ola agus gáis nádúrtha i limistéar 'Grabówka'.

Thar ceann an Aire
An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil